



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Scrúdú na
hArdteistiméireachta
2007*

Gaeilge Ardleibhéal

Páipéar 2

180 MARC

Aoine
8 Meitheamh
Maidin, 9.30 go dtí 12.50

Treoracha d'iarrthóirí ar leathanach 2

Treoracha d'iarrthóiri

Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.
Caillfear marcanna má bhítear failitheach ann.

FREAGAIR GACH CEIST (1, 2, 3 AGUS 4).

Nóta: I gCeist 1 (Prós) agus i gCeist 3 (Filíocht), tá rogha idir AN CÚRSA AINMNITHE **agus** AN CÚRSA ROGNACH.

I gCeist 1, mar shampla, is féidir ceist ar an bPrós Rognach **nó** ar an bPrós Ainmnithe a fhreagairt; agus i gCeist 3, is féidir ceist ar an bhFilíocht Ainmnithe **nó** ar an bhFilíocht Rognach a fhreagairt.

Ceist 1:

PRÓS:

AINMNITHE (A) **nó** ROGNACH (B)

Ceist 2:

PRÓSTÉACS BREISE: Do rogha idir **A, B, C nó D**

Ceist 3:

FILÍOCHT:

AINMNITHE (A) **nó** ROGNACH (B)

agus

DÁNTA DUALGAIS BREISE (C)

Ceist 4:

STAIR NA GAEILGE

Ceist 1

PRÓS 40 MARC

Freagair **A** (Prós Ainmnithe) **nó** **B** (Prós Roghnach) anseo thíos.

A

– PRÓS AINMNITHE –

40 marc

Freagair **(a)** *agus* **(b)**.

- (a)** “Sa ghearrscéal, *An Bhean Óg*, is cumasach an léiriú a dhéanann an t-údar ar shaol uaigneach, aonarach na mná óige.” Déan plé gairid air sin. (25 mharc)

nó

Maidir leis an ngearrscéal *Coileach Ghleann Phádraig*, déan plé gairid ar an gcaoi a léirítear tréithe an tréidlia ann. (25 mharc)

nó

“Is greannmhar an léiriú a fhaighimid sa sliocht seo as an úrscéal *Lig Sinn i gCathú* ar mhac léinn i gcrúachás.” Déan plé gairid air sin. (25 mharc)

- (b)** Tá páirt thábhachtach ag an mBás i bhforbairt an scéil bhéaloidis *An Cearrbhach Mac Cába*. Déan plé gairid air sin. (15 mharc)

nó

“Is sampla maith de scéal béaloidis é *An Cearrbhach Mac Cába..*” Déan plé air sin. Is leor **dhá** phointe. Déan iad a fhorbairt. (15 mharc)

B

– PRÓS ROGNACH –

40 marc

Freagair **(a)** *agus* **(b)**.

- (a)** Maidir le gearrscéal a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan plé gairid ar **thréithe** duine de na carachtair ann. (25 mharc)

[Ní mór teideal an scéil, mar aon le hainm an údair, a bhreacadh síos go cruinn.]

nó

Maidir leis an sliocht as úrscéal a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan plé gairid ar an **bpríomhcharachтар** ann, agus ar an gcaoi a léirítear an fhorbairt a thagann air. (25 mharc)

[Ní mór teideal an úrscéil, mar aon le hainm an údair, a bhreacadh síos go cruinn.]

- (b)** Maidir le scéal béaloidis a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, roghnaigh **carachтар amháin** as an scéal agus déan plé ar thábhacht an charachtair sin i bhforbairt an scéil. (15 mharc)

[Ní mór teideal an scéil bhéaloidis a bhreacadh síos go cruinn.]

nó

Déan plé ar an scéal béaloidis a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa mar shampla den **saghlas sin litríochta**. Is leor **dhá** phointe. Déan iad a fhorbairt. (15 mharc)

[Ní mór teideal an scéil bhéaloidis a bhreacadh síos go cruinn.]

Ceist 2

PRÓSTÉACS BREISE 40 MARC

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN as A **nó** B **nó** C **nó** D ar na leathanaigh 4 (thíos) agus 5, 6, 7 (thall).

A

– GEARRSCÉALTA –

40 marc

Freagair (a) **nó** (b).

(a) SCOTHSCÉALTA

(40 marc)

- (i) “I ngearrscéalta Phádraic Uí Chonaire is annamh a shásaitear mianta an duine.”
An ráiteas sin a phlé maidir le **scéal amháin** de na scéalta seo a leanas:

Teatrarc na Gaililí; M’Fhile Caol Dubh; Ná Lig Sinn i gCathú.

nó

- (ii) “I ngearrscéalta Uí Chonaire is minic a bhíonn toradh nach mbítear ag súil leis,
ar ghníomhartha a thagann as an bhfuath nó as an éad.” É sin a phlé maidir le
scéal amháin de na scéalta seo a leanas:

Neill; Teatrarc na Gaililí.

(b) CNUASACH GEARRSCÉALTA ROGNACH

(40 marc)

- (i) “Is minic i ngearrscéalta a bhíonn an príomhcharachtar míshasta nó faoi bhrú ar bhealach
éigin.”

Déan an ráiteas sin a phlé maidir le **scéal amháin** as do chnuasach rognach.

[Ní mór teideal an ghearrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.]

nó

- (ii) “Is minic i ngearrscéalta a bhíonn toradh nach mbítear ag súil leis,
ar ghníomhartha a thagann as mothúchán láidir éigin i gcroí an phríomhcharachtair.”

Déan an ráiteas sin a phlé maidir le **scéal amháin** as do chnuasach rognach.

[Ní mór teideal an ghearrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.]

Freagair **(a) nÓ (b)**.

(a) MÁIRE NIC ARTÁIN

(40 marc)

- (i) An t-úrscéal *Máire Nic Artáin* a mheas faoi **dhá cheann** de na ceannteidil seo a leanas:

- (a) suíomh an scéil (b) forbairt an phlota (c) casadh tobann sa scéal
(d) gné den scéal nár thaitin leat.

nÓ

- (ii) “Uaireanta bíonn trua againn do Mháire; uaireanta eile bímid mífhoighneach léi.”

An tuairim sin a phlé i bhfianaise an úrscéil *Máire Nic Artáin*.

(b) ÚRSCÉAL ROGNACH

(40 marc)

- (i) An t-úrscéal roghnach a ndearna tú staidéar air a mheas faoi **dhá cheann** de na ceannteidil seo a leanas:

- (a) suíomh an scéil (b) forbairt an phlota (c) casadh tobann sa scéal
(d) gné den scéal nár thaitin leat.

[Ní mór teideal an úrscéil, mar aon le hainm an údair, a bhreacadh síos go cruinn.]

nÓ

- (ii) Maidir leis an úrscéal roghnach a ndearna tú staidéar air, déan plé ar an ráiteas seo a leanas:

“Is iontach mar a spreagann **príomhcharachтар amháin** sa scéal mothúcháin éagsúla ionainn ina leith.” Is leor **dhá** mothúchán a phlé.

[Ní mór teideal an úrscéil, mar aon le hainm an údair, a bhreacadh síos go cruinn.]

Ceist 2 ar leanúint

C

– DÍRBHEATHAISNÉISÍ –

40 marc

Freagair (a) **nó** (b) anseo.

(a) A THIG NÁ TIT ORM

(40 marc)

- (i) “D’fhoghlaim Maidhc mórchuid ó na daoine éagsúla ar chas sé leo le linn a shaoil.”

Fírinne an ráitis sin a léiriú maidir le **beirt** a casadh air le linn a shaoil a raibh tionchar mór acu air.

nó

- (ii) “Tá cuntas greannmhar taitneamhach ag Maidhc Dainín ina dhírbheathaisnéis *A Thig Ná Tit Orm* ar na laethanta a chaith sé ar an mbunscoil.”

Déan plé ar an ráiteas sin.

(b) DÍRBHEATHAISNÉIS ROGNACH

(40 marc)

- (i) “D’fhoghlaim príomhcharachтар na dírbheathaisnéis seo mórchuid ó na daoine éagsúla ar chas sé/sí leo le linn a s(h)aoil.”

Maidir leis an dírbheathaisnéis roghnach a ndearna tú staidéar uirthi, léirigh firinne an ráitis sin maidir le **beirt** a casadh air/ uirthi le linn a s(h)aoil a raibh tionchar mór acu air/ uirthi.

[Ní mór teideal na dírbheathaisnéis, mar aon le hainm an údair, a bhreacadh síos go cruinn.]

nó

- (ii) Maidir leis an dírbheathaisnéis roghnach a ndearna tú staidéar uirthi, déan plé ar an léiriú a dhéanann an t-údar ar thréimhse áirithe dá shaol. Is leor **dhá** phointe. Déan iad a fhorbairt.

[Ní mór teideal na dírbheathaisnéis, mar aon le hainm an údair, a bhreacadh síos go cruinn.]

Freagair **(a) nō (b)** anseo.

(a) AN TRIAIL

(40 marc)

- (i) “Bíonn dualgais agus freagrachtaí ag baint le ról na máthar i gcónaí ach is léir gur theip ar **bheirt** mháithreacha maidir leis na gnéithe seo dá gcúram sa dráma seo.”

Déan plé ar an ráiteas sin i bhfianaise an dráma *An Triail*.

nō

- (ii) Tionchar na himní **agus** na náire ar imeachtaí an dráma *An Triail* a phlé.

(b) DRÁMA ROGNACH

(40 marc)

- (i) Maidir leis an dráma roghnach a ndearna tú staidéar air, déan plé ar a éifeachtaí is a dhéantar léiriú ar an gcaoi ar theip ar **bheirt** charachтар sa dráma maidir lena ndualgais agus lena bhfreagrachtaí.

[Ní mór teideal an dráma, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.]

nō

- (ii) Maidir leis an dráma roghnach a ndearna tú staidéar air, déan plé ar an léiriú a dhéantar ar do rogha **dhá** mhothúchán a dhúisíonn imeachtaí an dráma sin ionat.

[Ní mór teideal an dráma, mar aon le hainm an údair, a bhreacadh síos go cruinn.]

Ceist 3

FILÍOCHT 70 MARC

Freagair **A** (Filíocht Ainmnithe) ar na leathanaigh 8 agus 9 **nó B** (Filíocht Roghnach) ar leathanach 10 agus freagair **C** (Dánta Dualgais Breise) ar na leathanaigh 11, 12 agus 13.

A

– FILÍOCHT AINMNITHE –

35 marc

Freagair **(a)** atá thíos **agus (b)** atá thall.

- (a) (i) “Codarsnacht ghéar atá sa dán seo idir dhá ghné dhifriúla de shaol an fhile.”
É sin a phlé maidir leis an dán *Faoiseamh a Gheobhadsa* (thíos). (12 marc)
- (ii) Déan trácht gairid ar an úsáid a bhaineann an file as do rogha ceann **amháin** diobh seo a leanas:
an t-atmaisféar; athrá; friotal; íomhánna (8 marc)

FAOISEAMH A GHEOBHADSA

Faoiseamh a gheobhadsa
Seal beag gairid
I measc mo dhaoine
Ar oiléan mara,
Ag siúl cois cladaigh
Maidin is tráthnóna
Ó Luan go Satharn
Thiar ag baile.

Faoiseamh a gheobhadsa
Seal beag gairid
I measc mo dhaoine
Ó chrá chroí,
Ó bhuairt aigne,
Ó uaigneas dhuaire,
Ó chaint ghontach
Thiar ag baile.

- (i) Maidir leis an dán *Jack* (thíos), déan plé gairid ar an gcaoi a gcuireann cuimhní an fhile le géire na mothúchán ann. (12 marc)
- (ii) Déan trácht gairid ar an léiriú a dhéantar ar shaol na tuaithe atá mar chúlra leis an dán. (8 marc)

JACK

Strapaire fionn sé troithe ar airde,
Mac feirmeora ó iarthaír tíre,
Ná cuimhneoidh feasta go rabhas-sa oíche,
Ar urlár soimint aige ag rince,

Ach ní dhearúdfad a ghéaga im thimpeall,
A gháire ciúin ná a chaint shibhialta –
Ina léine bhán is a ghruaig nuachíortha
Buí fén lampa ar bheagán íle.

Fágfaidh a athair talamh ina dhiaidh aige,
Pósfaidh bean agus tógfaidh síolbhach,
Ach mar conacthas domhsa é arís ní chífeart,
Beagbheann ar chách mar ’gheal lem chroí é.

Barr dá réir go raibh air choíche!
Rath is séan san ait ina mbíonn sé!
Mar atá tréitheach go dté crích air –
Dob é an samhradh so mo rogha ’pháirtí é.

Ceist 3 ar leanúint

- (b) “Maidir leis an dán *Níl Aon Ní* (thíos), is éifeachtach an léiriú a dhéanann an file ar an geodarsnacht idir an chathair agus an tuath.”

Déan plé gairid ar an ráiteas sin.

(15 mharc)

nó

Maidir leis an dán *Níl Aon Ní* (thíos), déan trácht gairid ar an úsáid a bhaineann an file as **dhá** cheann díobh seo a leanas:

rithim na cainte; aidiachtaí; dathanna; fuaimeanna.

(15 marc)

NÍL AON NÍ

Níl aon ní, aon ní, a stór,
níos suaimhní ná clapsholas smólaigh
i gCaiseal na gCorr,

ná radharc níos aoibhne
ná buicéad stáin na spéire ag sileadh
solais ar Inis Bó Finne.

Is dá dtiocfá liom, a ghrá,
bheadh briathra ag bláthú ar ghas mo ghutha
mar shiolastrach Ghleann an Átha,

is chluinfeá geantraí sí
i gclingireacht na gcloigíní gorma
i gcoillidh Fhána Bhuí.

Ach b’fhearr leatsa i bhfad
brúchtbhaile balscóideach i mBaile Átha Cliath
lena ghleo tráchta gan stad,

seachas ciúinchónaí sléibhe
mar a gciúnaíonn an ceo le teacht na hoíche
anuas ó Mhín na Craobhe.

Ceist 3 ar leanúint

B

– FILÍOCHT ROGNACH –

35 mharc

Freagair (a) **agus** (b) anseo.

- (a) (i) Maidir le dán nua-aimseartha a chum **fear** agus a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan plé ar an láimhseáil a dhéanann an file ar ghné amháin d'ábhar an dáin. (12 mharc)
- (ii) Déan trácht ar théama amháin sa dán agus léirigh an chaoi a ndeachaigh sé i bhfeidhm ort féin. (8 marc)
[Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.]

nó

- (i) Maidir le dán nua-aimseartha a chum **bean** agus a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan plé gairid ar an mothúchán is láidre sa dán, dar leat, *agus* ar an gcaoi a léiríonn an file é. (12 mharc)
- (ii) Scríobh nóta gearr ar cé chomh hoiriúnach is atá an teideal do théama an dáin, dar leat. Is leor dhá phointe. (8 marc)
[Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.]
- (b) Maidir le dán nua-aimseartha a chum **bean** agus a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, **agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas**, déan trácht ar théama an dáin dar leat, agus ar an gcaoi a léiríonn an file an téama sin. (15 mharc)

[Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.]

nó

Maidir le dán nua-aimseartha a chum **bean** agus a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, **agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas**, déan plé ar an úsáid a bhaineann an file as **dhá** cheann diobh seo a leanas:

rithim na cainte; aidiachtaí; dathanna; fuaiméanna.

(15 mharc)

[Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.]

Ceist 3 ar leanúint

Freagair C (Dánta Dualgais Breise) anseo.

C

– DÁNTA DUALGAIS BREISE –

35 mharc

Freagair (a) anseo thíos **nó** (b) ar na leathanaigh 12 agus 13.

(a) Freagair (i), (ii) **agus** (iii) thíos.

(i) “Sa dán *Maigdiléana* (thíos) baintear úsáid éifeachtach as íomhánna na Críostaíochta.”

É sin a phlé. (20 marc)

(ii) A bhfuil i gceist leis na línte seo a mhíniú:

Nuair nach labhraíonn éinne leat, a ghrá,
Thíos ansiúd, dubh bán nó riabhach
bhéarfaidh na fógraí béal bán duit agus béadán
i dtumba folamh an *underground*

(6 marc)

(iii) Scríobh **dhá** phointe faoi atmaisféar an dáin. (9 marc)

MAIGDILÉANA.

I dtrátha an ama a dtachtann sealán aibhléise
aoibh shoilseach na spéire
tchím uaim í de ghnáth, an ghirseach is deise
de mhná sráide na háite seo;
agus í ar a *beat* ag *crúiseáil* go huaigneach
sa mharbhsholas chnámhach
ag spléachadh go fáilí ar scáilí na gcros teilifise
ag cuartú a Calvaire go heaglach.

Amantaí eile tchím í le haithint an lae
agus í i gcaifítire ag ól tae
sula bpilleann sí ar an *underground*
abhaile ina haonar go Paddington.
Nuair nach labhraíonn éinne leat, a ghrá,
thíos ansiúd, dubh bán nó riabhach
bhéarfaidh na fógraí béal bán duit agus béadán
i dtumba folamh an *underground*
nó b’fhéidir scéala ón Ghalailéach.

Ceist 3 ar leanúint

nó

(b) Freagair (i), (ii) **agus** (iii) thíos.

- (i) “Tá an brón agus an bród fite fuaite ina chéile sa dán *Úirchill a' Chreagáin*. ”
An tuairim sin a phlé maidir leis an dán thíos.

(20 marc)

- (ii) A bhfuil i gceist leis na línte seo a mhíniú:

‘Cha diúltfainn do chuireadh ar a gcruiinníonn siad na ríthe d’ór
ach gur cladhartha liom scarúint le mo charaid ’tá sa tir go fóill;
an céile úd a mheallas le mo gheallúint tráth bhí sí óg,
dá dtréigfinn anois í gur fiosach damh go mbeadh sí i mbrón.’

(6 mharc)

- (iii) Scríobh nóta ar mheadaracht an dáin agus léirigh í le do rogha véarsa as an dán.

(9 marc)

Úirchill a' Chreagáin

Ag Úirchill a' Chreagáin a chadail mé aréir faoi bhrón
is le héirí na maidne tháinig ainnir fá mo dhéin le póig;
bhí gríos-ghrua ghartha aici 'gus lainnir ina céibh mar ór
's gurb é íocshláinte an damhain bheith ag amharc ar an ríoghain óig.

‘A fhialfhair charthanaigh, ná caitear thusa i ndealramh brón
ach éirigh 'do sheasamh 'gus aistrigh liom siar sa ród
go tir dheas na meala nach bhfuair Gallaibh ann cead réim go fóill
mar 'bhfaighir aoibhneas ar hallaibh do do mhealladh le siansa ceoil. ’

‘Cha diúltfainn do chuireadh ar a gcruiinníonn siad na ríthe d’ór
ach gur cladhartha liom scarúint le mo charaid ’tá sa tir go fóill;
an céile úd a mheallas le mo gheallúint tráth bhí sí óg,
dá dtréigfinn anois í gur fiosach damh go mbeadh sí i mbrón.’

‘Cha shílim gur caraid duit a maireann de do ghaoltaibh beo-
tá tú faofa, gan earra, bocht, earraoideach, baoth, gan dóigh;
nach mb'fhearr dhuitse imeacht le hainnír na maothchroibh meor
nó an tírse a bheith ag fanóid faoi gach rabhán dá ndéan tú 'cheol?’

‘A ríoghain deas milis, an tú Helen fár treagh dadh sló
nó an de na naoi mná deasa thú ó Pharnassus bhí déanta i gcló?
cá tir insa chruinne 'nar hoileadh thú, a réalt gan cheo,
lér mhian leat mo shamhailse a bheith ag cagarnaigh leat siar sa ród?’

‘Ná fiafraigh dhíom ceastaibh óir cha gcadlaim ar an taobhsa 'Bhóinn;
is siogaí beag linbh mé a hoileadh le taobh Ghráinne Óig';
i mbruín cheart na n-ollamh bím go follas ag dúscadh an cheoil,
san oíche ag Teamhair 's ar maidin i gclár Thír Eoghain.’

“S é mo ghéarghoin tannis gur theastaigh uainn Gaeil Thír Eoghain agus oidhríbh an Fheadha gan seaghais faoi léig ’ár gcóir, géagaibh glandaite Néill Fhrasaigh nach dtréigfeadh an ceol is chuirfeadh éide fá Nollaig ar na hollaimh bheadh ag géilleadh dóibh.”

‘Ó treagh dadh na treabhaídh bhí in Eachroim is fa-raoir! fán mBóinn, sliocht Íre, na flaithibh bhéaradh fascadh do gach aon draoi gan ghleo, nach mb’fhearr dhuitse sna liosaibh agus mise le do thaobh gach neoin ná saighde chlann Bhullaí a bheith ag tolladh fá do chroí go deo?’

‘A ríoghain deas mhilis, más cinniúin damh tú féin mar stór, tabhair léagsa is gealladh damh sul fá n-aistre mé leat siar sa ród, má éagaim fan tSeanainn, i gcrích Mhanainn nó san Éiphte mhór gurb i gcill chumhra an Chreagáin a leagfar mé i gcré faoi fhód.’

Ceist 4

STAIR NA GAEILGE 30 MARC

Scríobh gearrchuntas ar DHÁ CHEANN díobh seo a leanas:

- (a) Lámhscríbhinní na Sean-Ghaeilge **nó** Na hAnnála Móra.
[Is leor **trí** mhórphointe.]

- (b) An Ghaeilge mar Theanga Cheilteach.
[Is leor **trí** mhórphointe.]

- (c) Do rogha **beirt** díobh seo a leanas:-

Máire Mhac an tSaoi;	Deirdre Brennan;
Art Mac Cumhaigh;	Seathrún Céitinn;
Máirtín Ó Cadhain;	Breandán Ó hEithir;
Biddy Jenkinson;	Eithne Strong.

[Is leor **trí** mhórphointe i ngach cás.]

- (d) Na Dánta Grá Cúirte (Amour Courtois).
[Is leor **trí** mhórphointe.]

- (e) Meath na Gaeilge sa Naoú hAois Déag.
[Is leor **trí** mhórphointe.]

- (f) Pádraig Mac Piarais agus Athbheochan na Gaeilge.
[Is leor **trí** mhórphointe.]

Leathanach Bán

Leathanach Bán